Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/5475

20.10.2025

**Caingean arna tabhairt an 27 Lúnasa 2025 – LG v BEI**

**(Cás T-592/25)**

(C/2025/5475)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* LG (ionadaí: L. Levi, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Banc Eorpach Infheistíochta

## An t-ordú atá á lorg

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil an chaingean seo inghlactha agus go bhfuil bunús maith léi;

— cinneadh an 3 Deireadh Fómhair 2024 gan conradh an iarratasóra a athnuachan, ar tugadh fógra ina leith an 17 Eanáir 2025, a chur ar neamhní;

— a mhéid is gá, cinneadh an 31 Iúil 2025 lena ndiúltaítear don achomharc riaracháin a chur ar neamhní;

— a ordú don BEI cúiteamh a íoc as an damáiste a fulaingíodh;

— a ordú don BEI na costais go léir a íoc.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin, lena n-éilítear sárú ar an dualgas aird a thabhairt ar leas na n-oifigeach, earráid fhollasach measúnaithe, sárú ar Airteagal 34 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh arna cur chun feidhme leis na Rialacháin Foirne, Airteagal 11 de na Forálacha Riaracháin agus an Scéim Pinsin.